Láithreáin Ghréasáin úsáideacha le cuidiú le scoileanna eolas a fháil ar mheabhairshláinte agus ar fholláine.

Folláine Mothúchán agus Leas na nDaltaí

www.bbc.co.uk/health	Láithreán Gréasáin de chuid an BBC a chuireann eolas ar fáil ar réimse leathan saincheisteanna sláinte, agus áiríonn sé nasc chuig 'Headroom', áis a spreagann daoine le haire a thabhairt ar a meabhairshláinte.
www.childline.org.uk	Láithreán Gréasáin atá dírithe ar pháistí den chuid is mó. Cuireann sé eolas ar fáil ar shaincheisteanna a gcaithfidh páistí aghaidh a thabhairt orthu, agus atreoraíonn sé páistí chuig an líne chabhrach agus chuig an tseirbhís ar líne.
www.cruseni.org	Suíomh idirlín a thugann eolas ar réimse seirbhísí agus tacaíochta do dhuine ar bith i dTuaisceart Éireann a bhfuil an bás ag goilleadh air nó uirthi.
www.crusebereavementcare.org.uk	Tá cuid de láithreán Gréasáin Cruse Bereavement Care deartha go sonrach do scoileanna agus cuireann sé eolas ar fáil maidir leis an dóigh a dtéann méala i bhfeidhm ar dhaoine, athruithe in iompraíocht, tacú le filleadh ar scoil srl.
www.drugsalcohol.info	Láithreán Gréasáin réigiúnach do ghairmithe i dTuaisceart Éireann. Cuireann sé réimse eolais ar fáil ar dhrugaí agus ar alcól mar aon le nuacht, imeachtaí, staitisticí, taighde agus na seirbhísí atá ar fáil.
www.fasaonline.org	Láithreán Gréasáin atá deartha go príomha do dhaoine óga, ach tá eolas le fáil air fosta do thuismitheoirí agus do chúramóirí ar dhrugaí, ar fhéinmharú agus ar fhéindíobháil.
www.help4kids.co.uk	Baineann an suíomh idirlín seo le páistí, daoine óga, a dteaghlaigh agus lucht gairme ar réimse saincheisteanna ar a n-áirítear, féindíobháil, iompraíocht mhíchuí ghnéis, mí-úsáid alcóil, fadhbanna itheacháin srl.
www.lighthouseireland.org	Láithreán Gréasáin atá deartha go príomha dóibh siúd atá i mbaol ó fhéinmharú nó ó fhéindíobháil agus iad siúd a thugann cúram dóibh. Lena chois sin, cuireann an láithreán Gréasáin seo eolas ar fáil arábhair ar nós: méala páistí, féinmharú a thuiscint, lionn dubh, brón srl.
www.mindingyourhead.info	Láithreán Gréasáin dóibh siúd atá buartha faoi dhroch-mheabhairshláinte, cé acu a meabhairshláinte féin nó meabhairshláinte duine éigin eile. Pléann sé an dóigh ar féidir na siomptóim a bheadh i gceist le fadhb mheabhairshláinte a fheiceáil agus molann sé roinnt bealach a chuideoidh leat aire a thabhairt do do mheabhairshláinte.
www.niabf.org.uk	Láithreán Gréasáin de chuid Fhóram Frithbhulaíochta TÉ. Cuireann sé réimse eolais ar fáil ar bhulaíocht, lena n-áirítear cuid ar leith atá tiomanta do scoileanna.
www.nidirect.gov.uk	An suíomh idirlín oifigiúil do shaoránaigh TÉ. Tugann sé eolas ar réimse leathan saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar dhaoine óga ar a n-áirítear foghlaim, gairmthreoir, sláinte, airgead, caidreamh agus cearta.

Department of Education
www.deni.gov.uk
An Roinn Oideachais
Mannystrie o Lear

Láithreáin Ghréasáin úsáideacha le cuidiú le scoileanna eolas a fháil ar mheabhairshláinte agus ar fholláine.

Folláine Mothúchán agus Leas na nDaltaí

www.nspcc.org.uk/inform	Tá cuid den láithreán dírithe ar ghairmithe agus cuireann sé eolas ar fáil ar réimse leathan saincheisteanna a bhaineann le cosaint páistí agus folláine mothúchán.
www.pipsnewryandmourne.org	Cuireann an láithreán Gréasáin seo eolas ar fáil dóibh siúd atá i mbaol ó fhéinmharú agus ó fhéindochar agus dóibh siúd a thugann aire dóibh. Lena chois sin, tá eolas ann ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear méala, lionn dubh srl.
www.publichealth.hscni.net	Láithreán Gréasáin atá deartha go príomha dóibh siúd atá i mbaol ó fhéinmharú nó ó fhéindíobháil agus iad siúd a thugann cúram dóibh. Lena chois sin, cuireann an láithreán Gréasáin seo eolas ar fáil ar ábhair ar nós: méala páistí, féinmharú a thuiscint, lionn dubh, brón srl.
www.rcpsych.ac.uk	Láithreán Gréasáin Choláiste Ríoga na Síciatraithe. Cuireann sé eolas cuimsitheach ar fáil sa chuid 'Eolas ar Shláinte' ar réimse an-leathan saincheisteanna a bhaineann le meabhairshláinte.
www.samaritans.org	Cuireann an láithreán Gréasáin seo eolas ar fáil ar réimse saincheisteanna a bhaineann le meabhairshláinte agus tugann sé breac-chuntas ar na háiseanna atá acu do scoileanna.
www.suicideawareness.co.uk	Cuireann an láithreán Gréasáin seo eolas ar fáil dóibh siúd a ndeachaigh féinmharú i bhfeidhm orthu agus cuidíonn sé le feasacht ar fhéinmharú a ardú agus le féinmharú a chosc.
www.thinkitthrough.org.uk	Láithreán Gréasáin de chuid na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí. Cuireann sé eolas ar fáil ar ghnéas agus ar chaidrimh mar aon le liosta teagmhálacha úsáideacha i dTÉ.
www.up-2-you.net	Láithreán Gréasáin idirghníomhach atá deartha do dhaoine óga. Cuireann sé eolas ar fáil ar thobac, ar dhrugaí agus ar mheabhairshláinte, mar aon le comórtais a reáchtáil ar line. Úsáideach do ghairmithe fosta.
www.youngminds.org.uk	Cuireann an láithreán Gréasáin seo eolas úsáideach ar fáil ar fholláine mothúchán agus ar leas páistí agus daoine óga, agus tá codanna ar leith air atá deartha go sonrach do phaistí, do dhaoine óga, do thuismitheoirí agus do ghairmithe.
www.communityworksonline.com **www.counselling4youth.co.uk** **www.newlifecounselling.net** **www.barnardos.org.uk**	**Seirbhís Neamhspleách Comhairleoireachta do Scoileanna (SNCS).** Cuireann na heagraíochtaí seo comhairleoireacht neamhspleách, rúnda ar fáil do dhaoine óga laistigh de scoileanna.

Department of Education www.deni.gov.uk
An Roinn Oideachais Mànnystrie o Lear



Disclaimer: The Department of Education cannot accept responsibility for any errors or endorse the organisations listed.